29



Is cúis imní mór dom an scaglann próiseáile gais atá le tógáil i mBéal Átha na Buí. Deireann tuairisc EIS Shell E & P Ireland féin go bhfuil an dainséar ann go ndéanfar damáiste don timpeallacht le na gasanna dainséireach a scaoilfear isteach san aeir. Céard faoi dá bharr sin, an damáiste a ndéanfar dár sláinte . Céard faoi chomh maith le sin an dochar a ndéanfar do slí mbeatha na ndaoine maidir le iascaireacht, feirmeoireacht, turasóireacht agus i gceantair gaeltachta mar muide na Coláistí Samhradh.

Má bhíonn an seans ann go mbeidh truailliú san aeir, san uisce, sa timpeallacht ingheall ar an scaglann seo an dtig linn uilig maireachtáil go sona sásta sa cheanntar seo mar a bhí muid in ann le blianta anuas. Is timpeallacht faoi leith an áit seo, ceantair caomhnaithe saor ó thruaillíú . Agus sin an bealach atá muid ag iarraidh í a choinneáil ar mhaithe le muid féin, ár bpáistí , agus an glúin atá imigh romhainn.

An meallfar turasóirí go dtí ár gceantar? An mbeidh tuismitheoirí sásta a gcuid bpáistí a chur chuig ceantar gaeltachta atá suite gar do scaglann próiseáile gais leis an dáinséar atá ann don sláinte agus pléascadh gais?

Céard faoi ár muintir féin a thagann abhaile do na laethanta saoire, nó iad siúd atá ag iarraidh a theacht ar ais le maireachtáil anseo go buan. Bíonn daoine ag teacht abhaile go dtí an cheantar áille seo le éalú ó thruailliú na cathrach ,nó saol níos fearr á thabhairt dá bpáistí . Má fhaigheann Shell & E P Ireland ceadbealaigh leis an scaglann seo a thógáil beidh truailliú níos measa le feiceáil anseo. Ní meallfar ár muintir féin ar ais.

Beidh deire leis an saol mar a bhí. Ní bheidh daoine sásta maireachtáil i gceanntair atá in iomarcai baol ag baint leis. Fágfaidh an taos óg. Ní bheidh iad siúd atá anseo cheana féin in ann fágáil mar ní bheidh ar a gcumas a dtithe a dhíol. Dúnfar na scoileanna, siopaí, oifig an phoist. Beidh críoch len ár gceantar ár gceantar Gaeltachta , len ár dteanga agus ár gcultúr.

Ach is cuma le na heagraisí stáit mar ár gComhairle Condtae, agus ár Rialtas féin. Níl siad ag smaoineamh ar mhaithe linne na daoine atá in ainm bheith faoin a gcúram. Ní mórán baint nó suim a bhí acu ins an gceanntar go dtí go dtáinig lucht Shell E & P Ireland isteach. Molann siad agus tacaíochtaí Shell iarrachtaí Shell ag maíomh na buntáistí maidir le fostaíocht, agus an infrastructúr a chruthaífear sa gceanntar .Is beag comhrá a bhíonn á dhéanamh acu faoi imní sláinte agus eile atá ag muintir an cheanntair.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

OH Doc No. 29.
Recd From: Caitlín Ní Chonghóile
Date Recd: 27/04/07.

EPA Export 25-07-2013:22:22:11

'S ar mhuintir an cheanntair atá an cúram a dtimpeallacht agus timpeallacht an glúin atá romhainn agus atá imigh a chosaint. Tugann sé misneach dom a fheiceáil mianach na ndaoine atá in a gcónáí anseo a thóg orthu féin tabhairt faoi an obair seo. Ní innealtóirí, eolái mór le rá iad. Bhí orthu treabhadh tríd tograí EIS agus go leor eile. Ach an bhfuil éinne ag éisteacht? Tá súil agam go néisteoidh sibh anois Mar i ndeireadh na dála domsa agus do mo mhuintir
*'Is fearr an tsláinte ná an táinte'.*

Leis an méid a dúradh ag an éisteacht seo maidir leis an imní atá ann maidir leis an damáiste don timpeallacht, uisce, daoine, agus eacnamaíocht an cheanntair níor chóir don scaglann seo a thógáil. Níl mise sásta suí siar agus ligint do chomhlucht mar Shell agus E & P Ireland teacht isteach agus dochar mílteach a dhéanamh don áit seo. Mura bhfuil na heagraísi Stát sásta é sin a dhéanamh níl aon rogha eile againn ach déanamh cinnte an cúram sin a thógáil orainn féin.

Caitlín Ni Chonghóile

Caitlín Ní Chonghóile

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

EPA Export 25-07-2013:22:22:11